# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## TUAIRISC AONTAITHE

**Dáta:** 09/11/2023

**Ag freastal ar chruinniú:** Pádraig Mac an Bhiocaire
Oilibhéar Mac Daibhéid
Helen Uí Cheallaigh
Caitlín Uí Chochláin
Noelle Uí Mhaoilriain
Shane Ó Breacáin

**Leithscéalta:** Bernadette Ní Dhuibhir
Marcus Ó Cuireáin

**Rúnaí:** Seán Mac Suibhne
**Rúnaí Taifeadta:** Mairéad Uí Dhochartaigh

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den bhord chuig an chruinniú.

**Miontuairiscí**
Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 9 Meán Fómhair 2023.

**Tuarascáil an Phríomhoide**

**Bainistíocht na scoile:**
Bhí Lá Oscailte agus Oíche Oscailte againn sa scoil ar an 11 Deireadh Fómhair 2023.

**Féinmheastóireacht Scoile:**
Beidh ceardlann fhoirne ar an 28 Samhain 2023, lá forbairt ghairmiúil leanúnach atá ann.

**Foghlaim agus Teagasc:**
Torthaí na Sraithe Sóisearaí 2023: Rinne an Bord comhghairdeas leis na daltaí, múinteoirí agus tuistí as ucht na torthaí a ghnóthaigh na daltaí i mbliana.

**Imeachtaí agus Éachtaí:**
Tugadh achoimre ar na himeachtaí agus éachtaí a bhí ann agus atá ag teacht aníos.

- Bhí dhá oíche den chéad scoth in amharclann An Ghrianáin ag seó na scoile, Siansa Samhna, oícheanta speisialta nuair a bhí thar 100 dalta ag glacadh páirte.

- Beidh Aonach na Gaeilge anseo ar an Satharn, 11 Samhain 2023.
- Beidh Margadh na Nollag ann ar an 8 Nollai 2023

**Tuarascáil um Chosaint Leanaí**
Scaipeadh cóip de Thuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí.

**Tuarascáil Airgeadais**
Eisíodh agus pléadh tuairisc ar chúrsaí reatha buiséid.

**Teagasc agus Foghlaim**
**Torthaí an Fhoghlaimeora**
- Beidh cruinniú tuismitheoirí/múinteoirí do dhaltaí na séú agus na tríú bliana ar an 14/11/23, agus don dara agus cúigiú bliain ar an 28/11/23.
-

**Cleachtas Comhoibritheach**
- Comhairliúchán leis an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:
  Ar an 9 Deireadh Fómhair ghlac muid mar scoil páirt i bpróiseas comhairliúcháin le grúpaí fócais ina raibh daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí páirteach iontu mar chuid d'athbhreithniú na CNCM ar chlár na hIdirbhliana.

**Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile**
Tá an fhoireann ag obair ar spriocanna an phleáin a bhaint amach i rith na scoilbhliana.

**Polasaithe Scoile**
**Áiseanna Scoile**: glacadh leis an pholasaí.

**Cigireachtaí Ábhair**
Bhí cigireacht sa Ghaeilge agus ar chumhdach leanaí ar an 12 agus 13 Deireadh Fómhair 2023.

**Tuarascáil an Fhochoiste Scoile**
Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí:

**Míreanna sa Chlár Oibre Breise**
**Éiteas**: bíonn cruinnithe rialta ag an choiste, agus tá na bunluachanna éitis á gcur i bhfeidhm i bpolasaithe agus i nósanna scoile.

**Tuarascáil chomhaontaithe le comhlachtaí ainmniúcháin**
Tuarascáil ó 21 Meán Fómhair 2021: aontaithe agus glactha ag an Bhord.

**Dáta agus am an chéad chruinniú eile**
8 Eanáir 2024